Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/2172(DEC)

24.1.2024

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2022
(2023/2172(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Tomáš Zdechovský

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí (‘an Chúirt’) go bhfuil na hidirbhearta is bun le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex nó ‘an Ghníomhaireacht’) don bhliain airgeadais 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach;

2. ag meabhrú a rún maidir le hurscaoileadh roimhe seo, inar leagadh béim ar easnaimh maidir leis an gcreat um chearta bunúsacha, trédhearcacht, cosaint sonraí agus cultúr bainistíochta, rud a d’fhág gur dhiúltaigh an Pharlaimint urscaoileadh a dheonú do bhuiséad 2020 na Gníomhaireachta; á chur in iúl gur geal léi an comhar leis an údarás um urscaoileadh; ag cur sonrú sa dul chun cinn atá déanta ag an mbainistíocht eatramhach agus nua agus obair leantach á déanamh acu ar na moltaí chun leanúnachas gnó, formhaoirseacht agus cuntasacht Frontex a áirithiú; á iarraidh ar an mbainistíocht nua leanúint de bheith rannpháirteach in athchóiriú láidir a dhéanamh ar chultúr eagraíochta na Gníomhaireachta agus tuairisc thréimhsiúil a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir lena dul chun cinn;

3. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le Frontex atá láidir, éifeachtach agus dea-fheidhmiúil, a bheidh in ann cabhrú leis na Ballstáit teorainneacha seachtracha coiteanna an Aontais Eorpaigh a bhainistiú go héifeachtúil agus bainistiú comhtháite teorainneacha a áirithiú i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha;

4. ag cur sonrú i bhfreagairt phras Frontex agus sa tacaíocht a chuir sé ar fáil do na Ballstáit chun déileáil le hiarmhairtí ionradh na Rúise ar an Úcráin; á chur in iúl gur geal léi imscaradh tuairim is 500 oifigeach buanchóir atá ag obair feadh na teorann thoir ón bhFionlainn go dtí an Rómáin, lena n-áirítear níos mó ná 350 oifigeach atá ag obair ag teorainneacha AE-na hÚcráine; á aithint gurb í an Mheánmhuir Láir an príomhbhealach imirce isteach san Aontas i gcónaí; ag tabhairt dá haire nach mór acmhainní agus nósanna imeachta leordhóthanacha an Aontais agus na mBallstát a leithdháileadh chun rannchuidiú le beatha daoine a shábháil, agus i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le Cuardach agus Tarrtháil ag an am céanna, ionas nach ndéanfaí imircigh a dhíbhordáil i gcalafoirt neamhshábháilte;

5. ag tabhairt dá haire gur thacaigh Frontex leis na Ballstáit in 2022 trí bhuanchór a imscaradh ar feadh os cionn 617 000 lá oibre agus sócmhainní muirí, aeir agus talún a imscaradh ar feadh os cionn 111 000 lá in 20 oibríocht, lena n-áirítear 102 shuíomh oibríochtúla nua; ag cur sonrú, thairis sin, sa mhéadú ar an tacaíocht a chuir Frontex ar fáil do na Ballstáit maidir le filleadh éifeachtach 24 868 imirceach neamhrialta; á chur in iúl gur geal léi imscaradh agus cúnamh phearsanra Frontex i bPoblacht na Moldóive tar éis shíniú an chomhaontaithe comhair idir an tAontas agus an Mholdóiv maidir le bainistiú teorainneacha;

6. ag tabhairt dá haire gurb é Frontex an ghníomhaireacht AE is mó a fuair méaduithe buiséid níos suntasaí le blianta beaga anuas, i gcomhréir lena fhreagrachtaí nua; á

mheabhrú gur ranníoc an tAontas EUR 788 milliún in 2023 i gcomparáid le EUR 704 mhilliún in 2022; á mheabhrú gur neartaíodh Frontex ó thaobh foirne agus trealamh teicniúil de lena shainordú nua in 2019; ag tabhairt dá haire, i bhfianaise na staide geopholaitiúla casta a tugadh chun suntais le fogha gan chúis na Rúise san Úcráin, gur tháinig méadú suntasach ar a thábhachtaí atá Frontex chun tacú leis na Ballstáit agus nach mór leanúint de na hiarrachtaí ó thaobh acmhainní daonna agus ábhartha de; á chur i bhfáth gur gá bearta comhfhreagracha a bheith ag gabháil leis na méaduithe sin ar fhreagracht agus ar bhuiséad na Gníomhaireachta chun cuntasacht, trédhearcacht agus grinnscrúdú ar urraim na Gníomhaireachta do dhlí an Aontais a áirithiú;

7. á chur in iúl gur geal léi gur chuir Frontex 99.4 % dá bhuiséad do 2022 chun feidhme, rud a léiríonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a cuireadh i bhfeidhm agus na feabhsuithe suntasacha a rinneadh ar bhainistiú an bhuiséid; á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh bearta agus go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le haghaidh a thabhairt ar roinnt barúlacha; ag tabhairt dá haire, áfach, nár thángthas ar réiteach go fóill i leith go leor barúlacha sna blianta roimhe seo ón gCúirt, go háirithe maidir le hardleibhéil tabhairt anonn agus cealuithe, chomh maith le moilleanna ar an bpróiseas íocaíochta agus ar chealuithe; ag cur sonrú sa dá bharúil maidir le soláthar poiblí ar cheart aghaidh a thabhairt orthu chun go seachnófaí cásanna neamhrialtachtaí i gcur chun feidhme conarthaí soláthair, na moilleanna ar íocaíochtaí Frontex agus easpa bearta maolaitheacha chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh earcaíochta; á mheabhrú go bhféadfadh na heasnaimh sin Frontex a fhágáil faoi lé rioscaí clú agus dlíthiúla;

8. á chur in iúl gur geal léi gur tháinig athruithe suntasacha bainistíochta ar an nGníomhaireacht le dhá bhliain anuas, lena n-áirítear leas-oifigeach nua um chearta bunúsacha (FRO), cathaoirleach nua ar a Bord Bainistíochta, beirt leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin nua agus ceapachán stiúrthóra feidhmiúcháin nua; ag tabhairt dá haire gur bunaíodh pleananna gníomhaíochta leis na húdaráis náisiúnta chun an éagóir a rinneadh san am a chuaigh thart agus a dhéantar san am i láthair a chur ina ceart; á chur in iúl gur geal léi freisin na bearta atá déanta ag Frontex chun dul i mbun próiseas aistrithe, feabhas a chur ar an gcultúr bainistíochta agus folláine na foirne a chur chun cinn; á iarraidh ar an gceannaireacht nua tabhairt faoi athchóirithe a bhfuil gá leo go háirithe i ndáil le cearta bunúsacha, trédhearcacht agus éifeachtúlacht i nósanna imeachta inmheánacha, agus cuntasacht i leith na Parlaiminte agus na Comhairle a mhéadú i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme;

9. á chur in iúl gur geal léi neartú na hOifige um Chearta Bunúsacha, cruthú líonra pointí fócasacha um chearta bunúsacha ina heintitis uile chun saineolas ar chearta bunúsacha a fhorbairt i ngach réimse gníomhaíochta, chomh maith leis an bPlean Gníomhaíochta um Chearta Bunúsacha; á mheabhrú go bhfuil 8 gcinn de ghníomhaíochtaí curtha chun feidhme ina n-iomláine as na 87 ngníomhaíocht dá bhforáiltear sa phlean gníomhaíochta chun cearta bunúsacha a phríomhshruthú ar fud ghníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta; cuireadh 56 ghníomhaíocht chun feidhme agus bhí siad fós ar siúl (cuirtear chun feidhme iad ar bhealach córasach agus ar bhonn rollach); cuireadh 17 ngníomhaíocht chun feidhme go páirteach; agus cuireadh moill ar 2 ghníomhaíocht;

10. ag tabhairt dá haire, tar éis na moltaí le haghaidh gníomhaireacht éifeachtach um theorainneacha a bheadh i gcomhréir le cearta bunúsacha agus chun cuntasacht, rialtacht

agus dlíthiúlacht ghníomhaíochtaí uile Frontex a fheabhsú, go ndearnadh 22 Mhonatóir ar Chearta Bunúsacha (FROManna) breise a earcú go seachtrach; á mheabhrú gur cheart gach FROM a earcú ar leibhéal AD, a luaithe is féidir trí na nósanna imeachta iomchuí; á chur i bhfios, bunaithe ar shainordú nuashonraithe na Gníomhaireachta, gur cheart go leanfadh an líon FROManna de bheith ag fás; á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Oifig um Chearta Bunúsacha 1 183 lá imscartha i gcrích agus cuairt tugtha aici ar 50 tír, ar méadú suntasach é i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin;

11. á mheabhrú gurb iad Frontex agus údaráis ábhartha na mBallstát an príomhráthóir i gcomhair teorainneacha seachtracha Eorpacha atá láidir agus cosanta agus cearta bunúsacha agus oibleagáidí cosanta idirnáisiúnta á gcomhlíonadh ag an am céanna; ag tabhairt dá haire gur chinn an FRO i dtuairim uaidh an 1 Meán Fómhair 2022 gur comhlíonadh na coinníollacha chun Airteagal 46 de Rialachán Frontex a ghníomhachtú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur eisigh Meitheal na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha (Airteagal 46) sraith moltaí maidir le cearta bunúsacha sa Ghréig ar cuireadh 4 cinn díobh chun feidhme ina n-iomláine i mí Dheireadh Fómhair 2023; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé beartaithe ag Meitheal na Gníomhaireachta faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn breise agus go leantar de bhearta atá molta a chur i bhfeidhm; á iarraidh go ndéanfaí na moltaí uile a chur chun feidhme ina n-iomláine mar ábhar tosaíochta agus á iarraidh ar Frontex leanúint de Pharlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh;

12. ag cur sonrú i mbearta Frontex maidir le trédhearcacht agus grinnscrúdú, eadhon forléargas a thabhairt don Pharlaimint agus don Chomhairle ar a chuid gníomhaíochtaí trí uirlis tuairiscithe nua ar a dtugtar an ‘deais’; ag moladh do na cathaoirligh ar an mBord Bainistíochta leanúint de chuireadh a thabhairt do bhreathnóirí ón bParlaimint chuig a chruinnithe agus machnamh a dhéanamh ar na cuirí a leathnú chuig gach mír ar an gclár oibre, lena n-áirítear i seomraí iata, agus leanúint de na doiciméid tacaíochta uile a chur ar fáil gan eisceacht agus, má mheastar gá a bheith leis, ar bhealach rúnda;

13. ag meabhrú na moltaí ón Ombudsman i gcás Chás OI/4/2021/MHZ gur cheart do Frontex cur chuige níos réamhghníomhaí maidir le trédhearcacht a áirithiú d’fhonn cuntasacht níos fearr a áirithiú dá oibríochtaí agus na moltaí ón Ombudsman i gcás Chás OI/4/2022/PB i ndáil le cleachtais na Gníomhaireachta agus í ag déileáil le hiarrataí ar rochtain ar dhoiciméid; ag cur sonrú i bhforbairt agus cur chun feidhme leanúnach an phlean gníomhaíochta chuimsithigh chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a d’eisigh an tOmbudsman chuig Frontex in 2020 agus 2021 atá dírithe ar éifeachtacht agus trédhearcacht shásra gearán Frontex, ar ról agus neamhspleáchas FRO Frontex, ar chomhlíonadh oibleagáidí um chearta bunúsacha agus ar chuntasacht;

14. ag meabhrú Chinneadh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) i ndáil le dhá chinneadh ón mBord Bainistíochta, inar leag MECS béim ar roinnt réimsí lena n-áirítear an méadú ar phróiseáil agus comhroinnt sonraí pearsanta a bhféadfadh neamhchomhlíonadh Rialachán 2018/1725 a bheith mar thoradh orthu; ag tabhairt dá haire gur chruthaigh an Ghníomhaireacht plean cur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí MECS; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint de bheith ag oibriú i gcomhar le MECS chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna uile atá fós gan réiteach;

15. ag tabhairt dá haire gur ullmhaíodh plean gníomhaíochta chun obair leantach a dhéanamh ar na saincheisteanna a ardaíodh sa tuarascáil ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta i mí Eanáir 2023; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt go hiomlán ar shaincheisteanna arna gcur i láthair sa tuarascáil ó OLAF agus leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ina leith sin; ag meabhrú an dara himscrúdú OLAF ar chleachtais bhainistithe laistigh den Ghníomhaireacht, atá ar siúl agus gan ach 9 mí caite ó cuireadh an chéad imscrúdú OLAF i gcrích; á iarraidh go ndéanfaí líomhaintí mí-iompair a sheiceáil agus a imscrúdú go mion; á iarraidh ar an nGníomhaireacht comhar iomlán dílis le OLAF a áirithiú ag gach céim den imscrúdú agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa go tráthrialta maidir le dul chun cinn staid agus thoradh an imscrúdaithe;

16. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na cásanna dlí atá fós ar siúl gan réiteach agus an cáineadh ar rannpháirtíocht na Gníomhaireachta i sáruithe ar chearta an duine, go háirithe brú siar ag teorainneacha seachtracha AE, nach bhfuil i gcomhréir lena rialacháin féin;

17. ag cur sonrú sa mhír ón gCúirt i ndáil le béim ar ábhar a bhaineann le ríomh mícheart na ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe Schengen (SACanna); á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil na comhaontuithe idir an tAontas agus SACanna, a fheidhmíonn mar bhunús dlí chun a ranníocaíochtaí le buiséad EU a ríomh, doiléir agus go ligtear léirmhínithe éagsúla a bheith ann leo, agus de thoradh air sin go bhfuil ranníocaíocht níos lú déanta ag SACanna, arna ríomh ag thart ar 7 %; ag meabhrú fhreagra na Gníomhaireachta gur cleachtas seanbhunaithe é sin chun ranníocaíochtaí SACanna arna bhformhuiniú ag an mBord Bainistíochta agus ag an gCoimisiún a ríomh; á iarraidh ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar na comhaontuithe sin ós rud é nach bhfuil aon fhoirmle uathoibríoch aonair ann chun ranníocaíochtaí le buiséad AE agus le buiséid na ngníomhaireachtaí a shocrú;

18. ag cur sonrú, thairis sin, sa dara mír ón gCúirt i ndáil le béim ar ábhar a bhain le deimhniú na gcuntas don dara bliain as a chéile; ag cur sonrú i bhfreagra na Gníomhaireachta nach bhféadfaí cuntais a dheimhniú mar gheall ar fhaisnéis atá in easnamh a bhaineann le córas TF (Córas Bainistithe Misean), atá faoi úinéireacht an Choimisiúin, lena soláthraítear sonraí cuntasaíochta;

19. á iarraidh ar Frontex na moltaí uile atá ar feitheamh ó chomhlachtaí iniúchóireachta agus grinnscrúdaithe Eorpacha, go háirithe na moltaí sin ón Meitheal um Ghrinnscrúdú Frontex de chuid Pharlaimint na hEorpa, ón Ombudsman Eorpach, ón gCúirt agus ó Mheitheal Frontex um Chearta Bunúsacha agus um Ghnéithe Oibríochtúla Dlíthiúla d'Oibríochtaí (WG FRaLO), a chur chun feidhme ina n-iomláine, mar ábhar tosaíochta, chomh maith leis na gníomhaíochtaí uile is gá a leagtar amach sa tuarascáil ó OLAF tar éis a imscrúdaithe ábhartha agus na saincheisteanna uile a léirítear inti a leigheas; ag moladh don Ghníomhaireacht dlús a chur leis na hiarrachtaí leanúnacha agus na gníomhaíochtaí uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramófar caighdeáin an Aontais ina n-iomláine, go háirithe i réimsí an bhainistithe bhuiséadaigh agus airgeadais, na gceart bunúsach, an chultúir eagraíochta agus na trédhearcachta;

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	23.1.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 42 –: 12 0: 2
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Patricia Chagnon, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Nicolaus Fest, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Lukas Mandl, Erik Marquardt, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Jana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Cyrus Engerer, José Gusmão, Beata Kempa, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Anne-Sophie Pelletier, Bergur Løkke Rasmussen, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andrus Ansip, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Marisa Matias, Caroline Nagtegaal

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an tuairim á hullmhú aige:

Eintiteas agus/nó duine
European Border and Coast Guard Agency (“FRONTEX”)

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

42	+
PPE	Magdalena Adamowicz, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Maria Walsh, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Renew	Abir Al-Sahlani, Andrus Ansip, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Moritz Körner, Caroline Nagtegaal, Maite Pagazaurtundúa, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Jana Toom
S&D	Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Cyrus Engerer, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Isabel Santos, Birgit Sippel, Elena Yoncheva
Verts/ALE	Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik

12	-
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo
ID	Patricia Chagnon, Nicolaus Fest
NI	Milan Uhrík
The Left	Cornelia Ernst, José Gusmão, Marisa Matias, Anne-Sophie Pelletier

2	0
ID	Tom Vandendriessche
Verts/ALE	Damien Carême

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh